

Clár

Lch.

1. Réamhrá	5
2. Ballraíocht an Bhinse Chúitimh	7
3. Teideal ar éileamh a dhéanamh	9
4. Oibriú an Bhinse Chúitimh	11
 Aguisíní	
I Achoimre ar Dhámhachtainí, Achomhairc, Íocaíochtaí Ciste Cúitimh agus Costais Dlíthiúla go dtí seo	15
II Cuntais 2018	19
III Réitigh Socraithe	23
IV Sonraí Costais Dlíthiúla	27

Réamhrá


Táim an-shásta an fichiú Tuarascáil Bhliantúil ar ghníomhaíochtaí an Bhinse Chúitimh i ndáil le Heipitíteas C agus HIV a chur i láthair don bhliain féilire 2018.

Bunaíodh an Binse Cúitimh Nollaig 1995 chun, i measc rudaí eile, cúitimh a thabhairt dóibh siúd a gcuireadh Heipitíteas C orthu de dheasca úsáid Glóbailín Imdhíonachta Daonna Frith-D, nó toisc go bhfuarthas fuilistriucháin truailithe nó táirgí fola laistigh den Stáit. Mí Dheireadh Fómhair 2002 leathnaíodh saothar an Bhinse toisc gur rugadh isteach Acht (Leasú) An Bhinse Chúitimh i nDáil le Heipitíteas C, 2002. Lig an tAcht seo don Bhinse cúiteamh a bhronnadh ar dhaoine áirithe a gcuireadh HIV orthu laistigh den Stáit ó tháirgí áirithe fola agus cuimsíodh ábhair ghaolmhara leis.

Tá an Binse ag éisteacht le héilimh ar bhonn leanúnach ó Mhárta 1996. Fuarthas 48 éileamh nua i 2018, rud a fhágann 4939 ar an iomlán faoi dheireadh 2018. Cé gur íoc an Binse cúiteamh i 52 cás i 2018, tá thart ar 417 éileamh ag fanacht le héisteacht ó thosach. Tá an Binse fós in ann dáta éisteachta do chás a shocrú gan mhoill má fhaightear an doiciméadú cuí iomlán ina leith.

Ba chóir ceann a thógáil den bhfíric gur athluadh figiúirí áirithe do bhlianta roimh 2017 de dheasca earráid fhíor riaracháin a aimsíodh tar éis Tuarascáil Bhliantúil 2017 a fhoilsiú. Féach le dthoil na Cuntais Bhliantúla in Aguisín I agus Aguisín II.

Glacaim leis an deis seo ar bhuíochas a ghabháil le baill an Bhinse agus leis an bhfoireann a bhaineann le hoifig an Bhinse.



Karen O'Driscoll S.C.
Chairperson

Ballraíocht an Bhinse Chúitimh

Ag seo a leanas baill an Bhinse Chúitimh:

Karen O'Driscoll SC (Cathaoirleach)

Stephen Boggs BL

Adrienne Cawley BL

John Healy SC

Michael MacNamee BL

Joseph O'Sullivan BL

Romaine Scally Aturnae

Teideal ar Éileamh a Dhéanamh

In Alt 4 (1) d'Acht an Bhinse Chúitimh i nDáil le Heipitéas C, 1997 agus in I.R. Uimh. 432 de 1998 (leathnú ar ranganna Éilitheoirí roimh an Bhinse) mínítear na catagóirí daoine a bheadh i dteideal éilimh agus in Alt 4 (8) den Acht (Leasú) mínítear an dualgas cruthúnas atá ar an Éilitheoir. Féadfar teacht ar Acht an Bhinse Chúitimh i nDáil le Heipitéas C, 1997, Acht (Leasú) An Bhinse Chúitimh i nDáil le Heipitéas C, 2002 agus 2006, agus na hIonstraim Reachtúla gaolmhara ar shuíomh an bhinse: www.hepccomtrib.com.

Ba mhaith leis an mBinse go mbeadh an t-eolas cuí maidir leis an mBinse agus conas éileamh a dhéanamh ag cách a bhféadfadh a bheith i dteideal cur isteach ar chúiteamh.

Féadfar foirmeacha iarratais a íoslódáil ón suíomh, gheofar léarscáil freisin maraon le freagraí ar roinnt ceisteanna coitianta.

**MOLTAR GO hÁIRITHE
D'ÁBHAIR ÉILITHEOIRÍ
CEANN A THÓGÁIL DE NA
TEORAINNEACHA AMA A
LEAGTAR SÍOS IN ALT
(LEASÚ) 4 (14) DEN ACHT.**

Oibriú an Bhinse Chúitimh

D'oibrigh an Binse mar Scéim neamhrechtúil cúitimh ón gcéad lá bunaithe 16 Nollaig 1995 go 31 Deireadh Fómhair 1997. Ar an 1 Samhain 1997 bhí feidhm le hAcht an Bhinse Chúitimh i nDáil le Heipitéas C, 1997. Ar an 9 Deireadh Fómhair 2002, bhí feidhm le hAcht (Leasú) an Bhinse Chúitimh i nDáil le Heipitéas C. Bhí feidhm le hAilt 1 agus 2 d'Acht (Leasú) an Bhinse Chúitimh i nDáil le Heipitéas C 2006 ar an 20 Meitheamh 2006.

Pléann an Binse le héilimh trí éisteacht ó bhéal i gcúirt iata os comhair ar a laghad beirt bhall den bhinse nó trí réiteach a oiráil. (Réitigh socraithe – Aguisín III).

Tionóltar na héisteachtaí in oifigí an Bhinse agus ó Aibreán 2012 tá an Binse lonnaithe ag 31-35 Sráid Bowes Baile Átha Cliath 7. Ó am go chéile tionóltar seisiúin in Áras na Mac Léinn, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh ar iarratais ó Éilitheoirí i gceantar na Mumhan. Fostaítear cuideachta luathscríobhaithe d'éisteachtaí uilig an Bhinse agus tugtar cóip de na himeachtaí do gach Éilitheoir trína Aturnae.

Bíonn éilitheoirí i dteideal ionadaíocht dlíthiúil a bheith acu le linn éisteachtaí. I gcásanna áirithe féadfaidh an Binse Abhchóide a fhostú chun cabhrú leo.

Dámhachtainí

D'íoc an Binse ar an iomlán €10,754,172 mar 52 dhámhachtain le linn 2018. Ní raibh aon íocaíocht maidir le hAchoimhairc san Ard-Chúirt (féach Aguisín I).

Bhronn an Binse 36 dámhachtain le linn 2018. Ar an iomlán bronnadh €9,822,560.51 agus ba é €272,848.90 an figiúr meánach. Bhí na suimeanna idir €35,000.00 agus €1,163,131.00 agus féadfar iad a achoimriú mar a leanas:-

Dámhachtainí Sealadacha 7

Dámhachtainí Suim Aonair 29

Déantar íocaíochtaí eatramhacha de ghnáth muna mbíonn an tÉilitheoir in ann an t-éileamh iomlán a sholáthar m.sh. má táthar ag cur cóir air/uirthi de dheasca riocht Heipitéas C nó HIV is gan prognóis chinnte a bheith ar fáil. Bronnadh ar an iomlán €760,900.00 mar 7 n-íocaíocht eatramhach le linn 2018.

Maidir leis na híocaíochtaí sealadacha go dtí seo bhí an Binse den tuairim ón bhfianaise os a chomhair go raibh an fhéidirtheacht ann, agus féidirtheacht amháin a bhí i gceist, go mbeadh toradh nó torthaí éigin tromchúiseacha ag an Éilitheoir sa todhchaí, de dheasca Heipitéas C a bheith orthu. Ina theannta san shonraigh an Binse an tréimhse ama a bhí ag an Éilitheoir chun cur isteach ar bhreis cúitimh dá dtarlódh a leithéid de thoradh nó torthaí.

Iarratais ar Chúitimh Breise de bharr Dámhachtain Sealadach

San áireamh i líon iomlán na ndámhachtainí a bronnadh i 2018, éistíodh le héileamh amháin ar Bhreis Cúitimh agus ba é an toradh air sin ná gur bronnadh breis cúitimh ar an Éilitheoir.

Costais Dlíthiúla

I 2018 íocadh €4,859,695.00 mar chostais le 48 dámhachtain ón mBinse. (Tá sonraí iomlán na n-íocaíochtaí in Aguisín IV).

An Ciste Cúitimh

Bhronn Alt 11 (4) d' Acht 1997 Ciste Cúitimh a lig d'Éilitheoir a bhí tar éis glacadh le dámhachtain ón mBinse a bheith i dteideal ar íocaíocht a fháil ón gCiste in ionad an Binse ag measúnú agus ag bronnadh damáistí forthromaithe nó eiseamláireacha – socraíodh an suim ón gciste mar 20% den shocraíocht iomlán. Ina dhiaidh sin shocraigh an Rialtas go bhféadfadh ionadaithe pearsanta dlíthiúla Éilitheoirí cur isteach ar an íocaíocht ón gCiste tar éis bás na nÉilitheoirí.

Ina theannta san, maidir le duine ar a mbronntar dámhachtain damáistí ginearálta nó speisialta nó an dá rud, tar éis achomharc chuig an Ard-Chúirt faoi Alt 5(15) nó Alt 6(3)(e) den Acht, íoctar leis/léi suim ón gCiste in ionad measúnú ar dhamáistí forthromaithe nó eiseamláireachta.

I 2018, d'íoc an Binse €2,068,654.00 ón gCiste mar 45 dhámhachtain ón mBinse.

Éilimh Aistarraingthe/Díomhaoin

Aistarraingíodh 503 éileamh faoi dheireadh na bliana 2018. Faoi láthair tá an Binse go gniomhach ag breith gach éileamh bunúsach ar aghaidh chuig an éisteacht. Ina theannta san, cuireadh thart ar 309 cás ar athló go ginearálta agus beidh cead athiontráil acu ag deireadh 2018.

Foireann

Le linn 2018 bhí foireann beirte (duine lánaimseartha agus duine páirtaimseartha) ag soláthar tacaíocht riaracháin/cléireachais d'oibriú an Bhinse.

AGUISÍNÍ

AGUISÍN I

Achoimre ar Dhámhachtainí, Achomhairc, Íocaíochtaí Ciste Chúitimh agus Costais Dlíthiúla go dtí seo

Dámhachtainí Binse

<u>Bliain</u>	<u>Líon Dámhachtainí</u>	<u>Méid Íoctha</u> €
1996	204	€28,627,096.00
1997	327	€56,672,735.00
1998	535	€105,660,817.00
1999	214	€43,221,011.00
2000	126	€31,943,504.00
2001	71	€23,646,314.00
2002	62	€18,541,096.00
2003	108	€27,964,437.00
2004	243	€39,384,189.00
2005	287	€42,186,950.00
2006	290	€46,543,469.00
2007	193	€57,782,743.00
2008	143	€39,349,934.00
2009	158	€32,244,590.00
2010	117	€30,496,254.00
2011	114	€17,066,854.00
2012	79	€15,091,916.00
2013	77	€16,298,493.00
2014	75	€16,370,641.00
2015	59	€15,700,074.00
2016	28	€14,892,384.00
*2017	62	€13,114,428.00
2018	52	€10,754,172.00
Iomlán	3624	€743,554,101.00

* I dTuarascáil Bhliantúil an Bhinse Chúitimh i nDáil le Heiptíteas C agus HIV 2017, luadh go héagórach ar dtús figiúirí 2017 mar 59 dámhachtain ar luach €14,516,928.00.

Achomhairc Ard-Chúirte

<u>Bliain</u>	<u>Líon Achomharc</u>	<u>Méid Íoctha</u> €
2000	41	€6,053,486.00
2001	113	€24,835,283.00
2002	52	€17,762,094.00
2003	29	€7,372,875.00
2004	43	€7,954,150.00
2005	23	€2,260,174.00
2006	26	€5,249,856.00
2007	15	€3,242,913.00
2008	10	€4,670,878.00
2009	12	€1,638,493.00
2010	14	€1,670,025.00
2011	3	€195,001.00
2012	7	€1,385,476.00
2013	1	€40,000.00
2014	2	€150,000.00
2015	3	€220,000.00
2016	2	€135,000.00
*2017	6	€1,506,500.00
2018	0	€0.00
Iomlán	402	€86,342,204.00

* I dTuarascáil Bhliantúil an Bhinse Chúitimh i nDáil le Heiptíteas C agus HIV 2017, luadh go héagórach ar dtús figiúirí 2017 mar 1 achomharc amháin ar luach €111,500.00.

Íocaíochtaí Ciste Chúitimh

<u>Bliain</u>	<u>Líon Íocaíochtaí</u>	<u>Dámhachtain nó Achomhairc</u>	<u>Méid Íoctha</u> €
1997	340	Dámhachtainí	€11,971,841.00
1998	686	Dámhachtainí	€25,249,850.00
1999	220	Dámhachtainí	€8,928,869.00
2000	136	Dámhachtainí	€6,692,662.00
2000	39	Achomhairc	€1,124,269.00
2001	77	Dámhachtainí	€4,889,774.00
2001	115	Achomhairc	€5,053,485.00
2002	67	Dámhachtainí	€3,800,910.00
2002	52	Achomhairc	€3,552,419.00
2003	92	Dámhachtainí	€4,789,220.00
2003	29	Achomhairc	€1,474,575.00
2004	240	Dámhachtainí	€7,723,198.00
2004	43	Achomhairc	€1,590,830.00
2005	285	Dámhachtainí	€8,355,730.00
2005	23	Achomhairc	€452,035.00
2006	288	Dámhachtainí	€9,296,865.00
2006	25	Achomhairc	€1,028,715.00
2007	170	Dámhachtainí	€11,146,133.00
2007	15	Achomhairc	€648,583.00
2008	138	Dámhachtainí	€7,597,215.00
2008	10	Achomhairc	€934,176.00
2009	152	Dámhachtainí	€6,234,917.00
2009	12	Achomhairc	€327,699.00
2010	112	Dámhachtainí	€5,964,670.00
2010	14	Achomhairc	€321,405.00
2011	112	Dámhachtainí	€3,388,004.00
2011	3	Achomhairc	€39,000.00
2012	76	Dámhachtainí	€3,127,929.00
2012	6	Achomhairc	€263,295.00
2013	70	Dámhachtainí	€2,985,965.00
2014	75	Dámhachtainí	€2,965,048.00
2014	2	Achomhairc	€30,000.00
2015	54	Dámhachtainí	€2,988,111.00
2015	3	Achomhairc	€44,000.00
2016	25	Dámhachtainí	€3,040,174.00
2016	2	Achomhairc	€27,000.00
*2017	58	Dámhachtainí	€2,711,089.00
*2017	6	Achomhairc	€289,000.00
2018	46	Dámhachtainí	€2,068,654.00
2018	0	Achomhairc	€0.00
Iomlán	3917		€163,117,314.00

* I dTuarascáil Bhliantúil an Bhinse Chúitimh i nDáil le Heiptíteas C agus HIV 2017, luadh go héagórach ar dtús figiúirí 2017 mar 56 dámhachtainí ar luach €2,991,600 agus 1 achomhairc amháin ar luach €10,000.

Dlíthiúla

<u>Bliain</u>	<u>Líon Éileamh</u>	<u>Méid Íoctha</u> €
1996	93	€1,737,849.00
1997	275	€7,518,688.00
1998	512	€16,345,926.00
1999	315	€9,984,938.00
2000	180	€8,297,691.00
2001	183	€8,605,772.00
2002	77	€4,490,412.00
2003	131	€6,859,157.00
2004	197	€7,094,735.00
2005	307	€13,180,987.00
2006	344	€11,371,437.00
2007	187	€7,825,866.00
2008	129	€8,986,744.00
2009	155	€13,027,173.00
2010	148	€10,229,280.00
2011	149	€10,608,721.00
2012	96	€7,948,739.00
2013	65	€4,571,765.00
2014	78	€6,689,814.00
2015	40	€2,101,000.00
2016	30	€2,388,221.00
*2017	48	€3,750,966.00
2018	48	€4,859,695.00
Iomlán	3787	€178,475,576.00

* I dTuarascáil Bhliantúil an Bhinse Chúitimh i nDáil le Heiptíteas C agus HIV 2017, luadh go héagórach ar dtús figiúirí 2017 mar 48 éileamh ar luach €3,751,354.

AGUISÍN II

AN BINSE CÚITIMH I nDÁIL LE HEIPITÍTEAS C AGUS HIV

CUNTAS AR FHÁLA AGUS ÍOCAÍOCHTAÍ DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH 31 NOLLAIG 2018

POLASAITHE CUNTASAÍOCHTA

Bunús na gCuntas

Tuairisc ar Fhála agus Íocaíochtaí laistigh den tréimhse is ea na cuntas is iad bunaithe ar airgead tirim.

Tréimhse Tuairisce

Is í an bhliain dar críoch 31 Nollaig 2018 an tréimhse tuairisce.

Fála

Séard atá sna fála don tréimhse ná airgead a éilíodh agus a fuarthas ón gCuntas Speisialta agus an Ciste Cúitimh a bunaíodh faoi Ailt 10 agus 11 d'Acht an Bhinse Chúitimh i nDáil le Heipitíteas C, 1997 agus a leasaíodh faoi Ailt 7 agus 8 d'Acht (Leasú) An Bhinse Chúitimh i nDáil le Heipitíteas C, 2002.

Íocaíochtaí

Is iad suimeanna a urscaoileadh laistigh den tréimhse a chlúdaítear sna híocaíochtaí.

Cuntas Fionraíochta sa Roinn Sláinte

Déanann An Roinn Sláinte íocaíochtaí ar son an Bhinse Chúitimh i nDáil le Heipitíteas C agus HIV ar threoir ón mBinse Cúitimh i nDáil le Heipitíteas C agus HIV nó, maidir le costais dlíthiúla amháin, Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit. Tagann na híocaíochtaí úd ó chuntas fionraíochta atá mar chuid de Chuntas Leithghabhála An Roinn Sláinte agus faoi réir iniúchadh ag an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste.

Athinsint ar Fhigiúirí don Bhliain seo caite

Luadh athinsint ar fhigiúirí áirithe don bhliain 2017 de dheasca earráid fhíor riaracháin a aimsíodh tar éis Tuarascáil Bhliantúil 2017 a fhoilsiú.

AN BINSE CÚITIMH I nDÁIL LE HEIPITÍTEAS C AGUS HIV

<u>Cuntas ar Fhála agus Íocaíochtaí don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2018</u>	Líon	2018 €	Líon	2017 €
Íocaíochtaí				
Dámhachtainí Binse				
Dámhachtainí nua san áireamh	52	10,754,172	*62	13,114,428
Achomhairc Ard-Chúirte	0	0	*6	1,506,500
Iomlán Dámhachtainí	52	10,754,172	*68	14,620,928
Íocaíochtaí Ciste Cúitimh				
Dámhachtainí nua san áireamh				
Achomhairc Ard-Chúirte	45	2,068,654	*58	2,711,089
Iomlán Íocaíochtaí Ciste Cúitimh	0	0	*6	289,000
	45	2,068,654	*64	3,000,089
Costais Dlíthiúla Dámhachtainí Binse				
Dámhachtainí nua san áireamh	48	4,859,695	*47	3,687,503
Achomhairc Ard-Chúirte	0	0	1	63,463
Iomlán Costas Dlíthiúil	48	4,859,695	*48	3,750,966
Costais Riaracháin				
Pá	Nóta 1	290,177	*Nóta 1	340,712
Seachas Pá	Nóta 2	78,765	*Nóta 2	126,684
Iomlán Íocaíochtaí		18,051,463		21,839,379
Fála				
Faighte ón gCuntas Speisialata bunaithe faoi Alt 10 d'Acht an Bhinse Chúitimh i nDáil le Heipitíteas C 1997.		7,629,000		26,532,000
Faighte ón gCuntas Speisialata bunaithe faoi Alt 10 d'Acht an Bhinse Chúitimh i nDáil le Heipitíteas C 1997.		1,123,000		4,546,000
Iomlán Fála		8,752,000		31,078,000
Barrachas / (Easnamh) don bhliain		(9,299,462)	*	9,238,622
Barrachas / (Easnamh) beirthe ar aghaidh ón mbliain roimhe		(8,762,789)		(18,001,411)
Barrachas / (Easnamh) beirthe ar aghaidh ón mbliain roimhe		(18,062,251)	*	(8,762,789)
Maoinithe ag				
Cuntas Fiontraíochta An Roinn Sláinte				
Sa tsuim seo tá an méid atá le baint as na cuntais ábhartha bunaithe faoi Ailt 10 agus 11 d'Acht an Bhinse Chúitimh i nDáil le Heipitíteas C 1997 agus a leasaíodh faoi Ailt 7 agus 8 d'Acht (Leasú) an Bhinse Cúitimh i nDáil le Heipitíteas C, 2002.				

* Anso athluadh an figiúir ó Thuarascáil Bhliantúil 2017 mar leasaíodh líon is luach na ndámhachtainí. Féach Aguisín 1.

AN BINSE CÚITIMH I nDÁIL LE HEIPITÍTEAS C AGUS HIV

<u>Cuntais don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2018</u>			
<u>Nótaí faoi na Cuntais</u>		2018	2017
		€	€
<u>Pá</u>			
Nóta 1	Táillí íoctha le Baill agus Cathaoirleach an Bhinse	163,366	*1 257,847
	Riarachán	126,811	82,865
	Iomlán Pá	290,177	340,712
<u>Seachas Pá</u>			
Nóta 2	Cur de lámh Bruscar faoi Rún	355	583
	Glantachán ar Conradh	2,625	2,707
	Seirbhísí Teachtaire	970	1,137
	Táillí d'Fhinnéithe Saineolacha	0	7,445
	Teas, Cumhacht agus Solas	5,016	4,420
	TEC	1,913	3,108
	Seirbhísí Dí	19,454	39,407
	Cothabháil agus Daingneáin	2,173	1,319
	Ilchineálach	2,560	528
	Soláthar Oifige	2,411	2,851
	Fóin	2,589	2,408
	Postas	746	1,053
	Clóbhualadh	450	495
	Seomra ar cíos	0	2,805
	Seirbhísí Luathscríobhaithe	30,794	45,216
	Taisteal agus Cothabháil	6,563	*2 10,953
	Meaisín Díolacháin agus soláthar uisce	146	249
	Iomlán Seachas Pá	78,765	126,684

*1 Luadh ar dtús mar €242,221 i dTuarascáil Bhliantúil 2017.

*2 Luadh ar dtús mar €8,966 i dTuarascáil Bhliantúil 2017.

AGUISÍN III

Réitigh Socraithe déanta ag an Aire Sláinte agus Leanaí faoi Alt 8 d'Acht an Bhinse Chúitimh i nDáil le Heipitéas C 1997

Réamhrá

Ligeann na réitigh socraithe d'éilimh a réiteach ar son damáistí ginearálta agus speisialta amháin. Oibreofar go neamh-fhoirmiúil chomh fada agus is féidir agus ar bhonn a ligfidh don ofráil réitigh a thairiscint chomh luath agus is féidir.

Doiciméadú Tacaíochta

Má chuireann éilitheoir in iúl do Rúnaí an Bhinse go mba mhaith leis/léi teacht chun réitigh, beidh ar an Éilitheoir mionteagasc iomlán an doiciméadú ar a mbunaítear an t-éileamh a chur ar fáil don Rúnaí, san áireamh beidh doiciméadú iomlán a thacaíonn le héileamh ar dhamáistí ginearálta nó speisialta. Féadfaidh éilitheoir aon chnapshuim amháin nó dámhachtain sealadach a roghnú.

Cúisíocht

Cuirfear an t-éileamh agus an doiciméadú tacaíochta ar fad faoi bhráid ball an Bhinse. Beidh ar an Éilitheoir a chruthú chun sásamh ball an Bhinse go sroicheann sé nó sí na critéir a leagtar síos in Alt 4 den Acht.

Sa chás nach mbíonn ball an Bhinse sásta go sroicheann an t-éilitheoir na critéir a leagtar síos in Alt 4 den Acht, seoltar an t-éileamh ar aghaidh chuig an Binse chun cinneadh a dhéanamh agus, más mian leis an éilitheoir, chun go mbronna an Binse dámhachtain, nuair is cuí. Más mian leis an éilitheoir, féadfar éileamh a chur ar ais lena réiteach tar éis don Bhinse cinneadh um chúisíocht a dhéanamh.

Sa chás go mbeartaíonn an Binse nach bhfuil an t-éilitheoir i dteideal cúitimh faoin Acht, beidh cead ag an éilitheoir achomharc ina leith sin a sheoladh chuig an Ard-Chúirt.

Réiteach a Thairiscint

Bunófar tairiscintí réitigh ar na critéir chéanna a fheidhmíonn an Binse faoi Alt 5 den Acht maidir le leibhéal na ndámhachtainí. Cuirfidh Rúnaí an Bhinse sonraí an tairiscint réitigh in iúl i scríbhinn don éilitheoir nó dá (h)ionadaí dlíthiúil.

Glacadh le Tairiscint Réitigh

Iarrfar ar an éilitheoir glacadh leis an réiteach nó diúltú dó, i scríbhinn, laistigh de 28 lá ó dháta na tairisceana.

Má ghlacann an t-éilitheoir leis an dtairiscint, beidh air nó uirthi na tarscaoilte riachtanach a shíniú maidir le haon cheart gníomh a bheadh, murach an glacadh, ag an éilitheoir.

Áireoidh Rúnaí an Bhinse gur glacadh leis an dtairiscint agus déanfaidh na socrúithe cuí chun go mbronna an Binse an dámhachtain ach an suim a aontú.

Más mionaoiseach an t-éilitheoir, beidh glacadh leis an dámhachtain faoi réir cead ón Ard-Chúirt.

Diúltú do Thairiscint Réitigh

Muna gcuireann an t-éilitheoir in iúl don Rúnaí laistigh de 28 lá tar éis dáta an tairiscint réitigh glacfar leis gur dhiúltaigh an t-éilitheoir an tairiscint agus go bhfuiltear ag lorg éisteacht ón mBinse.

Má dhiúltaíonn éilitheoir do thairiscint, nó má mheastar gur dhiúltaigh, seolfaidh an Rúnaí an t-éileamh chuig an Binse le haghaidh éisteachta ach amháin sa chás go gcuireann an t-éilitheoir a mhalairt in iúl.

Má dhiúltaíonn éilitheoir do thairiscint nó má mheastar gur mar sin atá an scéal, meastar go bhfuil an t-éilitheoir tar éis dul trí na socrúithe ar fad a bhaineann le réiteach faoi Alt 8.

An Ciste Cúitimh

Nuair a ghlacann éilitheoir le tairiscint féadfar iarratas a dhéanamh chuig an Rúnaí go n-íoctar suim mar 20% den tairiscint réitigh as an gCiste Cúitimh a bunaíodh faoi Alt 11 den Acht. Nó thairis sin, féadfaidh an t-éilitheoir cinneadh a lorg ón mBinse maidir le héileamh faoi Alt 5 ar dhamáistí forthromaithe nó eisleadáireacha.

Éileamh Ionadaíochta

Féadfaidh Rúnaí an Bhinse glacadh le héileamh ó aicme nó grúpa éilitheoirí má bhíonn na cúinsí atá mar bhonn faoi na héilimh an-chosúil lena chéile. Feidhmeoidh na socrúithe céanna a míníodh anso thuas. Beidh sé de cheart ag aon éilitheoir glacadh le réiteach nó diúltú dó agus cosnaítear cearta gach éilitheoir faoi aon fhoráil eile atá san Acht.

Costais

Nuair a bhronnann an Binse dámhachtain bunaithe ar thairiscint, bronnfar costais ar an mbonn céanna agus trí na cleachtais chéanna amhail is dá n-éistfí leis an éileamh faoin Acht. Cuirfidh an Binse san áireamh aon chostas a bhain le réiteach a roghnú sa chás gur diúltaíodh do thairiscint réitigh.

Rúndacht

Nuair a dhiúltaíonn éilitheoir don tairiscint is nuair a théann an cás ar aghaidh chuig éisteacht iomlán an Bhinse, ní bhíonn aon bhaint ag an mball Binse a bhí ag plé leis na socrúithe réitigh leis an gcuid den Binse a éistfidh leis an éileamh. Ní bheidh a fhios ag an mBinse gur éiligh an t-éilitheoir réiteach ná gur dhiúltaigh sé/sí don réiteach.

Tugtar ráthaíocht faoi rúndacht an cháis faoi Alt 8(2) den Acht a fhorálann mar a leanas:

“Féadfaidh éinne a bhaineann leis an réiteach féachaint ar dhoiciméid nó páipéir a sheoltar chuig an Binse maidir le réiteach atá faoi chaibidil faoin alt seo agus ní chuirfidh a leithéid de dhuine éinne eile ar an eolas faoina bhfuil sna doiciméid nó páipéir seachas duine atá bainteach leis an réiteach.”

Ciallaíonn sé sin nach bhfuil cead ag ball an Bhinse eolas ar an gcás a thabhairt d'éinne nach bhfuil páirteach sa réiteach (san áireamh beidh sonraí aon tairiscint a tugadh don éilitheoir), ná ní feidir an cás a phlé le baill eile an Bhinse.

AGUISÍN IV

COSTAIS DLÍ ÍOCTHA 2018

TAGAIRT AN BHINSE		ÍOCAÍ
	€	
4115/08	384,822.42	Malcomson Law
4414/11	201,153.66	Malcomson Law
4761/15	118,310.23	Ernest J Cantillon and Co
4859/17	12,179.50	Fiona Ryan Aturnaethe
1785/98	37,912.00	F H O'Reilly and Co
1201/96	40,568.04	Ivor Fitzpatrick And Company
1113/96	62,262.67	Ivor Fitzpatrick And Company
4841/17	14,319.26	Ivor Fitzpatrick And Company
4860/17	14,375.87	Ivor Fitzpatrick And Company
4853/17	14,687.97	Ivor Fitzpatrick And Company
4854/17	16,845.27	Ivor Fitzpatrick And Company
4840/17	17,572.60	Ivor Fitzpatrick And Company
4855/17	28,122.35	Ivor Fitzpatrick And Company
4852/17	35,577.75	Ivor Fitzpatrick And Company
4840/17	10,626.97	Ivor Fitzpatrick And Company
1376/01.2,3,7	832,601.09	Malcomson Law
1331/96	399,198.61	Malcomson Law
1018/96	84,041.05	Ivor Fitzpatrick And Company
1203/96	60,639.38	Ivor Fitzpatrick And Company
4763/15	22,029.02	Ernest J Cantillon and Co
4355/10	29,347.78	Dominic Creedon
4748/15, 4749/15, 4810/16	92,930.69	Ernest J Cantillon and Co
4708/14,	16,192.75	Ivor Fitzpatrick And Company
4706/14,	16,285.44	Ivor Fitzpatrick And Company
4704/14,	34,612.09	Ivor Fitzpatrick And Company
4705/14	16,197.39	Ivor Fitzpatrick And Company
4098/07	26,847.32	Fiona Ryan Aturnaethe
4824/16	31,617.50	Fiona Ryan Aturnaethe
2384/03	9,737.07	W R Joyce and Co
206/96	291,018.01	Malcomson Law

TAGAIRT AN BHINSE		ÍOCAÍ
	€	
0138/96	224,781.16	Malcomson Law
3562/05- 3745/05	206,298.71	Malcomson Law
152/96	185,926.14	Malcomson Law
3927/05, 3185/05, 4790/15	224,111.13	Malcomson Law
4872/17	43,521.50	Fiona Ryan Aturnaethe
0275/96	132,195.18	Ivor Fitzpatrick And Company
4214/08	24,400.52	Ivor Fitzpatrick And Company
4216/08	32,223.00	Ivor Fitzpatrick And Company
4879/17	35,128.20	Ivor Fitzpatrick And Company
1924/99	47,054.50	Arthur P McLean and Co
4790/15	5,988.08	Malcomson Law
4847/17	112,166.99	Ivor Fitzpatrick And Company
4603/13	140,113.79	Beauchamps Aturnaethe
2248/02	49,083.72	Ivor Fitzpatrick And Company
2028/00	10,766.50	Fiona Ryan Aturnaethe
4033/07	167,393.61	Malcomson Law
2116/00	83,340.88	Malcomson Law
4592/13	153,926.18	Malcomson Law
752/96	8,643.79	Malcomson Law
Iomlán	4,859,695.33	